
Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



Roinn na Gaeilge

## An Cúrsa Céime Aononóra sa Luath- agus Nua-Ghaeilge (TR022)

# Lámhleabhar Bhliain a 3 2020–2021

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí & na gCultúr
Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

# ROINN NA GAEILGE 2020-2021

## FOIREANN NA ROINNE

| | | |
|---|---|---|
| **Ollamh na Gaeilge** | Folamh | |
| **Ollamh na Luath-Ghaeilge** | An t-Ollamh Damian McManus | **Seomra 4056** |
| **Léachtóirí** | An Dr Eoin Mac Cárthaigh (Ceann Roinne) | **Seomra 4061** |
| | An Dr Jürgen Uhlich | **Seomra 4062** |
| | An Dr Pádraig de Paor | **Seomra 4059** |
| **Léachtóirí Páirtaimseartha** | Máire Ní Bháin | **Seomra 4060** |
| | Mícheál Hoyne | **Seomra 4060** |
| | An Dr Christina Cleary | **Seomra 4060** |
| | Deirdre Nic Chárthaigh | **Seomra 4060** |
| **Teagascóirí** | Eimear Connick | **Seomra 4060** |
| | Philip Mac an Ghoill | |
| | Ariana Malthaner | |
| | Peter Weakliam | |
| **Riarthóir** | Caoimhe ní Bhraonáin | **Seomra 4055** |

Gheobhaidh tú eolas iomlán faoi Roinn na Gaeilge agus faoinár gcúrsaí ó Riarthóir na Roinne idir 10.00 agus 13.00, Luan go hAoine. (Iarrtar ar mhic léinn gan teacht chun na hoifige ag lorg eolais srl. lasmuigh de na hamanna sin, ach ar uair na géarphráinne amháin). Seans nach mbeidh duine ar fáil san oifig gach lá faoi chúinsí eisceachtúla na paindéime, ach sa gcás sin déan teagmháil rphoist ag nibhraoc@tcd.ie.
Eolas freisin ag suíomh na Roinne www.tcd.ie/Irish

**Uimhir theileafóin Riarthóir na Roinne**: (896)1450, **r-Phost**: nibhraoc@tcd.ie
I gcás ar bith nach mbeidh *Rialacha Ginearálta an Bhoird* do mhic léinn mar atá foilsithe i bhFéilire an Choláiste agus a bhfuil sa Lámhleabhar seo ag teacht le chéile, is ag na *Rialacha Ginearálta* a bheidh an ceannsmacht.
**Tá leagan leictreonach den lámhleabhar seo ar fáil ach r-phost a chur chuig nibhraoc@tcd.ie.**

**Bliain Acadúil 2020/21**
I mbliana táimid ag súil leis an oiread ranganna agus is féidir a dhéanamh ar an gcampas, ach i ngeall ar shrianta a bhaineann le sláinte poiblí agus Covid-19, gach seans gur ar líne a bheidh cuid mhaith ranganna. Trí ***Blackboard*** agus ***Zoom*** a dhéanfar iad sin mura gcloiseann sibh a mhalairt ón léachtóir.

## LUATH-GHAEILGE
### CÚRSA AN TRÍÚ BLIAIN

### AN CLÁR TEAGAISC

**IRU3300Y Stair na Gaeilge & Meán-Ghaeilge** (10 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Bliain Iomlán)
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich (Stair na Gaeilge). **Léachtóir:** Damian McManus (Meán-Ghaeilge)
**Measúnú:** 100% scrúdú scríofa (50% Scrúdú Stair na Gaeilge, 50% Scrúdú Meán-Ghaeilge)
**Leabhair: (St.G.):** D. McManus, *A Guide to Ogam* (Maynooth). K. McCone, *Towards a Relative Chronology of Ancient and Medieval Celtic Sound Change* (Maynooth). P. Russell, *An Introduction to the Celtic Languages* (London/New York).
**Leabhair: (MG):** Seachadadh clóscríofa. K. McCone, *The Early Irish Verb.*

**IRU34032 Téacsanna Meán-Ghaeilge** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Damian McManus. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa NÓ 66% scrúdú agus 34% aiste
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang

**IRU34042 Filíocht na Sean-Ghaeilge** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa NÓ 66% scrúdú agus 34% aiste
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang

**IRU34051 Prós Eaglasta** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Damian McManus. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa NÓ 66% scrúdú agus 34% aiste
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang

**IRU34061 Scéalaíocht Shaolta** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Jürgen Uhlich. **Measúnú:** 100% scrúdú scríofa NÓ 66% scrúdú agus 34% aiste
**Leabhair:** Téacsanna a fhógrófar sa rang

## TORTHAÍ FOGHLAMA

**IRU3300Y: (Stair na Gaeilge):-** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- cur síos mionchúiseach a dhéanamh ar struchtúr, ar fhorbairt agus ar úsáid na haibítre Ogam
- aon inscríbhinn Ogam a dhátú go teangeolaíoch
- príomhthréimhsí i bhforbairt na Luath-Ghaeilge (an Ghaeilge phrimitíveach, an Ghaeilge ársa, an Luath-SheanGhaeilge ach go háirithe) a shainmhíniú go cruinn mionchúiseach
- cuntas a thabhairt ar na príomhchlaochluithe fóineolaíocha idir na tréimhsí sin
- an t-eolas seo a chur i bhfeidhm ar fhocail ón Laidin sa tSean-Ghaeilge chun dáta na hiasachta a mheas

**IRU3300Y: (Meán-Ghaeilge):-** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- cuntas a thabhairt ar fhoinsí na Meán-Ghaeilge
- míniú a thabhairt ar an 'Mheán-Ghaeilge' a bheith ar fáil i lámhscríbhinní ó thréimhse na Sean-Ghaeilge
- príomhfhorbairtí na Meán-Ghaeilge, ó thaobh na foineolaíochta agus na hortagrafaíochta de, a mhíniú
- cur síos a dhéanamh ar ainmfhocal na Meán-Ghaeilge i gcodarsnacht leis an ainmfhocal sa tSean-Ghaeilge
- cur síos a dhéanamh ar agus míniú a thabhairt ar an simpliú a dhéantar sa Mheán-Ghaeilge ar chomhbhriathar na Sean-Ghaeilge

**IRU34032 Téacsanna Meán-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- téacsanna roghnaithe Meán-Ghaeilge a léamh agus a aistriú óna mbunleaganacha sna lámhscríbhinní
- seachadadh téacsanna Meán-Ghaeilge ó thréimhsí éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile
- saintréithe na Meán-Ghaeilge a aithint agus cuntas a thabhairt orthu
- cóipeanna difriúla d'aon téacs amháin a chur i gcomparáid lena chéile agus argóint a dhéanamh ar son eagráin chriticiúil áirithe amháin a roghnú
- na scileanna anailíse a foghlaimíodh le linn na gcúrsaí eile a chur i bhfeidhm ar théacsanna Meán-Ghaeilge d'fhonn anailís, idir theangeolaíoch is liteartha, a sholáthar

**IRU34042 Filíocht na Sean-Ghaeilge:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- filíocht shiollach na Sean-Ghaeilge a aistriú gan chabhair (meánleibhéal deacrachta)
- anailís a dhéanamh ar mheadarachtaí siollacha na Luath-Ghaeilge ( aiste ríme, líon na siollaí, uaithne, aicill, uaim, rím inmheánach srl)
- leas a bhaint as torthaí na hanailíse ar mheadaracht chun dán a dhátú go teangeolaíoch
- cuntas a thabhairt ar na critéir neamhtheangeolaíocha atá ann chun dán a dhátú
- cuntas a thabhairt ar ábhar liteartha na filíochta faoi staidéar agus ar a comhthéacs

**IRU34051 Prós Eaglasta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- na seánraí éagsúla den phrós eaglasta na seanlitríochta dúchais a mhíniú agus a phlé
- príomhghnéithne na naomhbheathaisnéise a mhíniú
- téacsanna deacra próis eaglasta a aistriú óna mbunleagan faoi mar atá siad sna lámhscríbhinní
- leaganacha éagsúla d'aon téacs amháin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus argóint a dhéanamh chun roghnú aon eagráin chriticiúil áirithe amháin a chosaint
- cuntas a thabhairt ar na bunchritéir teangeolaíochta chun téacs a dhátú
- cuntas a thabhairt ar ábhar liteartha agus ar chomhthéacs an téacs
- taighde neamhspleách a dhéanamh i réimse na critice téacsúla

**IRU34061 Scéalaíocht Shaolta:** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a dhéanamh i gceart, beidh siad ábalta ar

- téacsanna próis sa Luath-Ghaeilge (meánleibhéal deacrachta) a aistriú óna mbunleaganacha sna lámhscríbhinní
- leaganacha éagsúla d'aon téacs amháin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus argóint chosanta a dhéanamh chun an rogha ar aon eagráin chriticiúil áirithe amháin a úsáid
- cuntas a thabhairt ar na critéir theangeolaíocha a úsáidtear chun téacs a dhátú
- cuntas a thabhairt ar na critéir neamhtheangeolaíocha a úsáidtear chun téacs a dhátú
- cuntas a thabhairt ar ábhar liteartha agus ar chomhthéacs an téacs
- taighde neamhspleách a dhéanamh i réimse na critice téacsúla

**TEAGMHÁIL**

Is é an tOllamh **Damian McManus** an ball foirne teagmhála le haghaidh iníonacha/mac léinn na Luath-Ghaeilge sa tríú is sa cheathrú bliain (pmcmanus@tcd.ie).

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ:-

**Scrúduithe Bliantúla:**

| | |
|---|---|
| Luath-Ghaeilge – History of the Language A (3 u/ch) | (50% de) IRU3300Y (Stair na Teanga) |
| Luath-Ghaeilge – History of the Language B (3 u/ch) | (50% de) IRU3300Y (Meán-Ghaeilge) |

**Scrúduithe Ranga:**

| | |
|---|---|
| Scrúdú Ranga, T1, Seachtain 12 | IRU34051 Prós Eaglasta* |
| Scrúdú Ranga, T1, Seachtain 12 | IRU34061 Scéalaíocht Shaolta* |
| Scrúdú Ranga, T2, Seachtain 12 | IRU34032 Téacsanna Meán-Ghaeilge* |
| Scrúdú Ranga, T2, Seachtain 12 | IRU34042 Filíocht na Sean-Ghaeilge* |

**Measúnú leanúnach:**

| | |
|---|---|
| 2 x Aiste (3,000 focal an ceann) | (34% de) IRU34032-61, pé dhá cheann a bhfuil na haistí bunaithe orthu. |

Más sa rang a bhíonn na scrúduithe, beidh 40/45 nóiméad ag mic léinn. Más ar líne reáchtáiltear iad, beidh 90 nóiméad acu. Beidh ar na mic léinn 2 aiste (faoi bhun 3000 focal in gach ceann acu), a scríobh i rith na bliana. Tá an chéad aiste bunaithe ar na hábhair sa chéad téarma, agus tá an dara haiste bunaithe ar na hábhair sa dara téarma. Tá an aiste bunaithe ar an gcéad téarma le tabhairt isteach ar an **27ú Samhain 2020**. Tá an aiste bunaithe ar an dara téarma le tabhairt isteach ar an **2ú Aibreán 2021**. Tá cóip leictreonach den aiste le cur chuig aisti.gaeilge@tcd.ie

* Cuirfear na marcanna ar an dá aiste san áireamh sna marcanna ar an dá mhodúl lena mbaineann siad. Bíonn luach 34% ag an aiste agus luach 66% ag an scrúdú sa dá mhodúl áirithe seo, ach luach 100% ag an scrúdú sna modúil eile nach ndéantar aiste iontu.

** Cuirfear an marc seo ón 3ú bliain sa Luath-Ghaeilge (as 250) leis an marc ón 3ú bliain sa Nua-Ghaeilge (as 250), chun marc as 500 a thabhairt ar an 3ú bliain san iomlán. Cuirfear marc an 3ú bliain (as 500) le marc an 4ú bliain (as 500) chun marc as 1,000 a thabhairt ar an gcéim san iomlán. Bronnfar marc as 750 ar an mórábhar (an t-ábhar a leanann tú leis sa 4ú bliain) agus marc as 250 ar an mionábhar (an t-ábhar a gcríochnaíonn tú leis sa tríú bliain) sa chéim iomlán.

| CUID DEN CHÉIM | MARC AS... |
|---|---|
| **Bliain a 3** | **500** |
| • Mionábhar | • 250 |
| • Mórábhar | • 250 |
| **Bliain a 4** | **500** |
| • Mórábhar | • 500 |
| **Céim Iomlán** | **1,000** |

# NUA-GHAEILGE
## CÚRSA AN TRÍÚ BLIAIN

**AN CLÁR TEAGAISC**
Nóta: Tá an modúl IRU3340Y éigeantach. Modúil roghnacha is ea an chuid eile. Ní mór do mhic léinn dhá mhodúl a roghnú as liosta Théarma 1 agus dhá mhodúl as liosta Théarma 2 (ceithre cinn sa iomlán).

## Modúl Éigeantach:

**IRU3340Y Teanga (Gaeilge & Gaidhlig)** (10 ECTS, 1 u/ch Gaeilge agus 1 u/ch Gàidhlig sa tseachtain don bhliain ar fad )
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh (Gaeilge & Gàidhlig)
**Measúnú:** **GAEILGE:** 25% scrúdú scríofa samhraidh, 15% scrúdú béil, 10% obair bhaile
**GÀIDHLIG:** 30% scrúdú scríofa samhraidh, 10% obair bhaile, 10% físeán

## Téarma 1 - Modúil Roghnacha (Roghnaigh 2 cheann):

**IRU34701 Litríocht an Bhéaloidis** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Máire Ní Bháin. **Measúnú:** 100% aiste (c.3,000 focal)

**IRU34731 Litríocht an Domhain** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste (c.3,000 focal)

**IRU34771 Prós na Linne (Drámaíocht)** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste (c.3,000 focal)

**IRU34871 Ficsean na Linne (An Cadhnach)** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 1)
**Léachtóir:** Pádraig de Paor. **Measúnú:** 100% aiste (c.3,000 focal)

## Téarma 2 - Modúil Roghnacha (Roghnaigh 2 cheann):

**IR3466 Filíocht na Fiannaíochta** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 100% aiste (c.3,000 focal)

**IR3468 Dán Díreach** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Mícheál Hoyne. **Measúnú:** 100% measúnú leanúnach: 2 thasc @ 50% an ceann. Sonraí le tabhairt sa rang. Sprioc 26.3.21 agus 30.4.21.

**IR3483 Cúirt an Mheán Oíche** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Eoin Mac Cárthaigh. **Measúnú:** 100% aiste (c.3,000 focal)

**IR34931 An Ghaeilge i gCló 1542-1871** (5 ECTS, 1 u/ch sa tseachtain, Téarma 2)
**Léachtóir:** Mícheál Hoyne. **Measúnú:** 100% measúnú leanúnach: 2 thasc @ 50% an ceann. Sonraí le tabhairt sa rang. Sprioc 26.3.21 agus 30.4.21.

## Torthaí Foghlama

**IRU3340Y Teanga (Gaeilge & Gaidhlig)**

**(Gaeilge):** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, is éard a bheidh curtha i gcrích aige (ag tógáil dó ar IRU2244Y) ná

- a scileanna scríbhneoireachta a bheith forbartha go mór
- sárthuiscint a bheith bainte amach aige ar an ghaol idir cuspóir scríbhneora, a stíl agus a lucht léitheoireachta
- scileanna cumasacha aistriúcháin a bheith forbartha aige (Ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla)
- tuiscint chríochnúil ar an aidiacht agus ar an mhír choibhneasta.

**(Gaidhlig):** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige, beidh an mac léinn (ag tógáil dó ar IRU22431) ábalta ar

- na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a aithint ag leibhéal níos doimhne
- foghair agus fuaimeanna Ghaeilge na hAlban a thuiscint ar shlí níos leithne agus aithris a dhéanamh orthu ar shlí níos cumasaí
- comhrá líofa go leor a bheith aige as Gaeilge na hAlban
- labhairt agus scríobh san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh choinníollach (na briathra uilig idir rialta is neamhrialta)
- téacsaí níos dúshlánaí a léamh agus a thuiscint (litríocht agus saothar iriseoireachta san áireamh)
- nuacht an raidió a thuiscint (le treoir).

**IRU34701 Litríocht an Bhéaloidis** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad

- ar an eolas faoin taighde scolártha i dtaobh fhorbairt an bhéaloidis
- in ann staidéar mionsonraitheach téamúil a dhéanamh ar an seanscéal traidisiúnta
- eolach faoi nósanna traidisiunta na hÉireann faoi mar a léirítear iad sa bhéaloideas
- eolach ar shaothar na mbailitheoirí móra tábhachtacha béaloidis
- eolach ar na slite éagsúla atá ann chun teacht ar fhoinsí béaloidis, cartlann Choláiste na hOllscoile san áireamh

**IRU34731 Litríocht an Domhain** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu:

- Beidh cur amach acu ar shaothair thábhachtacha de chuid litríocht an domhain atá aistrithe go Gaeilge agus é in inmhe ar thaitneamh a thabhairt do na seodaibh seo;
- Beidh cur amach acu ar na bealaí difriúla ina gcuireann aistritheoirí liteartha chuig a ngnó agus ar na slite ina gcuireann lucht critice síos ar mhodhanna éagsúla oibre sin na n-aistritheoirí;
- Beidh siad ábalta ar na ceisteanna coigilteacha seo a leanas a phlé go tomhaiste: Cad é an luach atá leis an litríocht? Cén fáth a léann daoine? Cad é an rud is nualitríocht ann? Cad é a dhéanann 'clasaic' de shaothar amháin thar saothar eile?
- Beidh an mac léinn ábalta tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde agus leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta.

**IRU34771 Prós na Linne** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta, ag tógáil dóibh ar IRU22401/2 ar

- mhionléamh a dhéanamh ar mhórthéacs nó ar mhórthéacsaí de chuid nualitríocht na Gaeilge ón 20ú / 21ú céad
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánra áirithe amháin próis / nó le seánraí éagsúla próis
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta
- tuiscint ar ionad an téacs / na dtéacsaí sa traidisiún
- cuntas a thabhairt ar na príomhléanna a dhéantar ar nualitríocht na Gaeilge

- stíleanna, móitífeanna agus ciútaí liteartha a aithint agus a phlé ag ardleibhéal

**IRU34871 Ficsean Gearr** I ndiaidh don mhac léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach aige:

- mhionléamh a dhéanamh ar mhórthéacs nó ar mhórthéacsaí de chuid litríocht an Chadhnaigh
- labhairt go heolgaiseach agus go léannta ar na coinbhinsiúin agus ar na nósanna a bhaineann le seánraí éagsúla próis
- tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla taighde
- leas a bhaint as sainfhoclóir an chriticis agus na léirmheastóireachta
- tuiscint ar ionad an téacs / na dtéacsaí sa traidisiún
- cuntas a thabhairt ar na príomhléanna a dhéantar ar nualitríocht na Gaeilge
- stíleanna, móitífeanna agus ciútaí liteartha a aithint agus a phlé ag ardleibhéal

**IRU34662 Filíocht na Fiannaíochta** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar:

- véarsaíocht na fiannaíochta a léamh agus a thuiscint
- cuntas a thabhairt ar pharaiméadair an ábhair agus ar an chomhthéacs staire inar cumadh an véarsaíocht seo
- a léiriú go bhfuil sáreolas acu ar laoithe áirithe agus buneolas ar roinnt mhaith véarsaíochta eile
- na ciútaí liteartha agus na móitífeanna is tábhachtaí a aithint
- a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta acu ar sheachadadh na filíochta seo
- a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta acu ar thaibhléiriú na filíochta seo.

**IRU34682 Dán Díreach** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar

- rogha dánta sa NuaGhaeilge Chlasaiceach a léamh agus a thuiscint
- meadarachtaí na ndánta leagtha síos a thuiscint agus a mhíniú
- saintréithe na Gaeilge Clasaicí a aithint agus a phlé
- tábhacht na hoiliúna i scoileanna na mbard do ghairm na filíocht sa tréimhse a thuiscint, a mheas agus a phlé
- cuntas a thabhairt ar théamaí móra an dána dhírigh
- cur síos a dhéanamh ar nádúr an ghaoil idir an file agus a phátrúin
- dul i mbun eagarthóireachta ar théacs

**IRU34832 Cúirt an Mheán Oíche** I ndiaidh do mhic léinn obair an mhodúil seo a bheith déanta go dílis díograiseach acu, beidh siad ábalta ar

- na scileanna teanga atá de dhíth chun Cúirt an Mheán Oíche agus véarsaíocht mhacasamhalach eile a léamh gan mórán dua;
- tuiscint ar mheadracht an dáin;
- tuiscint mheasartha ar an chomhthéacs stairiúil inar cumadh an dán;
- eolas maith ar bheathaisnéis an fhile;
- eolas an-mhaith focal-ar-fhocal ar an dán;
- an cumas chun na príomhthéamaí agus íomhánna a aithint agus a phlé;
- teoiric phearsanta a bheith forbartha aige faoi cén fáth ar cumadh an dán;
- scileanna ginearálta teanga, scileanna taighde agus scileanna láithrithe a bheith forbartha trí ghabháil i ngleic leis an ábhar seo.

**IRU34932 An Ghaeilge i gCló 1542-1871 Imlíne ar an modúl (TORTHAÍ FOGHLAMA le teacht):**

- Tá an Ghaeilge le léamh i bhfoirm chlóite ón séú céad déag i leith ach tá cuid mhaith de stair na foilseoireachta Gaeilge nach bhfuil ar eolas ag pobal na teanga.

- Feictear an Ghaeilge i gcló don gcéad uair i leabhar taistil Sasanach ón mbliain 1542... Bhí leabhair chlóite Ghaeilge á gcur go dtí Meiriceá sa bhliain 1663... Foilsíodh paimfléad faoin nGorta Mór as Gaeilge agus é faoi lánseol...
- Sa chúrsa seo díreoimid ar chuid de scéal na Gaeilge i gcló ón séú céad déag anuas go dtí deireadh an naoú céad déag agus pléifimid na ceisteanna móra a eascraíonn as.
- Cé a chuir na leabhair seo i gcló? Cén fáth? Cad a insíonn siad dúinn faoin teanga agus lucht a labhartha?

## DÁILEADH NA MARCANNA SA NUA-GHAEILGE

| **Measúnú** | **Modú(i)l** | **Creidiúintí ECTS** |
|---|---|---|
| Scrúdú scríofa (3 u/ch)<br>(4 u/ch má bhíonn sé ar líne) | (25% de) IRU3340Y Teanga (Gaeilge & Gàidhlig)<br>GAEILGE | 2.5<br>**=2.5** |
| Scrúdú scríofa (3 u/ch)<br>(4 u/ch má bhíonn sé ar líne) | (30% de) IRU3340Y Teanga (Gaeilge & Gàidhlig)<br>GÀIDHLIG | 3<br>**=3** |
| Aiste x 2<br>**(c.3,000 focal)**<br>**(SPRIOC 8.1.2021)** | *2 rogha as:*<br>IRU34701 Béaloideas<br>IRU34731 Litríocht an Domhain<br>IRU34771 Prós na Linne (Drámaíocht)<br>IRU34871 Ficsean na Linne (An Cadhnach) | <br>5<br>5<br>5<br>5<br>**=10** |
| * Aiste **(c.3,000 focal - SPRIOC 30.4.2021)**<br><br># 2 thasc – sprioc Tasc1 **26.3.2021** & Tasc2 **30.4.2021**) | *2 rogha as:*<br>IRU34661 Filíocht an Fiannaíochta *<br>IRU34681 Dán Díreach #<br>IRU34831 Cúirt an Mheón-Oíche *<br>IRU34931 An Ghaeilge i gCló # | <br>5<br>5<br>5<br>5<br>**=10** |
| Scrúdú Béil (c.10 nóim) | (15% de) IRU3340Y Teanga (Gaeilge) | **1.5** |
| Físeán | (10% de) IRU3340Y Teanga (Gàidhlig) | **1** |
| Ceachtanna baile | IRU3340Y Gaeilge<br>IRU3340Y Gàidhlig | **1**<br>**1** |
| **Iomlán**** | | **30** |

** Cuirfear an marc seo ón 3ú bliain sa Nua-Ghaeilge (mar mharc as 250) leis an marc ón 3ú bliain sa Luath-Ghaeilge nó ábhar eile MDÁ (as 250), chun marc as 500 a thabhairt ar an 3ú bliain san iomlán. Cuirfear marc an 3ú bliain (as 500) chun marc an 4ú bliain (as 500) le marc as 1,000 a thabhairt ar an gcéim san iomlán.

| CUID DEN CHÉIM | MARC AS... |
|---|---|
| **Bliain a 3**<br>• Mionábhar<br>• Mórábhar | **500**<br>• 250<br>• 250 |
| **Bliain a 4**<br>• Mórábhar | **500**<br>• 500 |
| **Céim Iomlán** | **1,000** |

---

**TEAGMHÁIL**
Is an Dr. **Pádraig de Paor** an ball foirne teagmhála le haghaidh iníonacha/mac léinn na Nua-Ghaeilge sa tríú is sa cheathrú bliain.

## NÓTAÍ TÁBHACHTACHA DO MHIC LÉINN SA TRÍÚ BLIAIN

### a. FREASTAL

Ní mór do mhic léinn freastal ar léachtaí agus ar ranganna an chúrsa, agus ceachtanna agus aistí an chúrsa a scríobh. Má bhíonn siad faillíoch, féadtar é sin a thuairisciú don Léachtóir Sinsearach, agus má dhéantar é sin ag deireadh an dá théarma sa bhliain chéanna, féadann an Léachtóir Sinsearach cead a dhiúltú dóibh na scrúduithe cinn bhliana a sheasamh. Ní mór do gach mac léinn freastal ar, ar a laghad, **dhá dtrian de na léachtaí** agus na ranganna in aon mhodúil ar leith, agus **dhá dtrian den obair scríofa** a bhaineann le haon mhodúl a dhéanamh leis na pointí creidmheasa a bhaint amach don chúrsa agus le nach measfar an iníon / mac léinn a bheith faillíoch.

### b. MIONÁBHAR & MÓRÁBHAR

Roimh an lá deiridh teagaisc de Théarma na Féile Michíl (Téarma 1), ní mór do mhic léinn a chur in iúl do Cheann Roinn na Gaeilge cé acu ábhar ar mian leo leanúint leis mar mhórábhar sa 4ú bliain: an Nua-Ghaeilge nó an Luath-Ghaeilge, nó ábhar eile MDÁ.

Faoi dheireadh Théarma na Féile Bríde (Téarma 2), ní mór do mhic léinn a bhfuil rogha den Nua-Ghaeilge sa cheathrú bliain déanta acu, na haonaid ar mian leo staidéar a dhéanamh orthu sa cheathrú bliain a chur in iúl do Cheann Roinn na Gaeilge. Ní mór dhá aonad a roghnú as an liosta do Théarma 1 agus dhá cheann as an liosta do Théarma 2. Cuirfear sonraí na modúl ar fáil cúpla seachtain roimh an sprioc.

### c. TEANGEOLAÍOCHT:

Na mic léinn a roghnaíonn an teangeolaíocht, bíonn siad saor ó 'Rogha' amháin (saor ó pé modúl a bhí mar mhalairt ar an teangeolaíocht).

### d. AISTÍ

**Nua-Ghaeilge**: Beidh ar na mic léinn 2 aiste (faoi bhun 3000 focal in gach ceann acu), a scríobh i rith gach téarma. Tá an chéad dá aiste bunaithe ar na hábhair sa chéad téarma (sprioc **8ú Eanáir 2021**), agus tá an dara péire bunaithe ar na hábhair sa dara téarma (sprioc **30ú Aibreán 2021**). Tá cóip leictreonach den aiste le cur chuig aisti.gaeilge@tcd.ie.
**Luath-Ghaeilge**: Beidh ar na mic léinn aiste (faoi bhun 3000 focal), a scríobh i rith gach téarma. Tá an chéad aiste bunaithe ar cheann na modúil sa chéad téarma (sprioc **27ú Samhain 2020**), agus tá an dara ceann bunaithe ar na modúil sa dara téarma (sprioc **2ú Aibreán 2021**). Tá cóip leictreonach den aiste le cur chuig aisti.gaeilge@tcd.ie.

Gearrfar pionós 5% in aghaidh na seachtaine i ndiaidh an spriocdháta agus ní ghlacfar le haiste tar éis an spriocdháta i gceachtar den dá théarma gan cead speisialta ón gCeann Roinne. Go leictreonach amháin a ghlacfar leis na haistí i mbliana. Ní féidir na haistí seo a thabhairt ar ais do na mic léinn faoin ghnáth sprioc toisc gur cuid den chéim iad agus nach mór don scrúdaitheoir seachtrach a bheith in ann iad a scrúdú ag scrúduithe an tsamhraidh.

**Aistí – treoir ghinearálta**:

Ní mór d'aistí a bheith slachtmhar, soléite agus clóscríofa le spásáil 1.5 no 2 idir na línte agus le dóthain spáis sna himill le haghaidh nótaí srl.

Bíodh argóint leanúnach san aiste agus tús, lár agus deireadh leis an argóint sin. Abair ag an tús cén dearcadh atá agat nó mínigh go cruinn cad tá fút a dhéanamh. Bain úsáid as tagairtí do bhuntéacsanna / sleachta astu le cur ar son na hargóna; bain úsáid as aistriúcháin ar na sleachta sin más gá. Scríobh conclúid ag an deireadh.

Tabhair tagairtí (i bhfonótaí, nó i nótaí deiridh nó idir lúibíní i dtéacs na haiste féin). Bíodh leabharliosta ag deireadh na haiste le tagairtí in ord aibítre de réir shloinnte na n-údar.

Ní miste úsáid a bhaint as tuairimí scoláirí eile má thugann tú le fios go bhfuil sé sin á dhéanamh agat agus má chuireann tú tagairtí ar fáil; is iad do thuairimí féin is tábhachtaí sa mheasúnú, áfach. Ná fág athfhriotail ina ndílleachtaí uaigneacha i lár théacs na haiste; abair rud éigin fúthu agus figh isteach in argóint na haiste iad. Ná déan bradaíl (féach thíos).

**Tagairtí**:
An córas is fearr ná 'sloinne + dáta + leathanach' agus na sonraí a chur ar fáil sa leabharliosta ag deireadh na haiste. Seo sampla dá leithéid:

> Mar seo a leanas a mhíníonn Aisling Ní Dhonnchadha an forás sin sa ghearrscéal Gaeilge: 'Blah, blah, blah', (Ní Dhonnchadha, 1981, 135-6).

Sa liosta leabhar ag deireadh na haiste, bíodh sé, i gcás leabhair, mar seo :

> Ní Dhonnchadha, A. (1981): *An Gearrscéal sa Ghaeilge.*

Agus i gcás ailt acadúil i leabhar:

> Ó Háinle, C (1978): 'Gnéithe d'ealaín Phádraic Uí Chonaire', *Promhadh Pinn* (lgh. 22 – 31).

## e. BRADAÍL SCOLÁIREACHTA

Moltar do gach mac/iníon léinn polasaí na hOllscoile i dtaobh **Bhradaíl Scoláireachta** ("Plagiarism") a léamh go cúramach. Gheofar an polasaí sin i bhFéilire na hOllscoile (*The University of Dublin Calendar 2020-2021*, General Regulations and Information, cóip de na leathanaigh cuí thíos). Is éard is bradaíl scoláireachta ann, saothar nó tuairimí duine eile (mac léinn nó scoláire) a chur faoi bhráid na hOllscoile mar shaothar/thuairimí de do chuid féin (.i. gan foinse an tsaothair/na dtuairimí sin a lua, is gan aitheantas cuí a thabhairt don té ar leis/léi iad). Ní mór do Roinn na Gaeilge rialacha na hOllscoile a chur i bhfeidhm i gcás mar sin.
Tá an cúrsa ar líne 'Ready Steady, Write' **le comhlíonadh ag gach mac léinn** agus beidh dearbhú ina leith sin le síniú ag gach mac léinn agus obair scríofa á cur isteach acu (ar fáil ag http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/ready-steady-write).

## f. GRÁID:

| | | |
|---|---|---|
| I | 70%-100% | freagra/aiste den chéad scoth |
| II.1 | 60%-69% | freagra/aiste an-mhaith |
| II.2 | 50%-59% | freagra/aiste mhaith |
| III | 40%-49% | freagra/aiste shásúil |
| | | |
| F1 | 30%-39% | freagra/aiste mhíshásúil (teip) |
| F2 | 0%-29% | freagra/aiste an-lag (teip) |

Is iad seo a leanas na critéir a chuirtear san áireamh sa mheasúnú:

**Aiste**: feabhas na n-argóintí, cur i láthair (féach thíos), leithne léitheoireachta, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.

**Aistriúchán**: dílseacht don bhuntéacs, cruinneas teanga, líofacht stíle, saibhreas foclóra, cruinneas litrithe.

**Anailís**: cruinneas na hanailíse, saibhreas sonraí; an anailís a bheith ag teacht leis an aistriúchán.

**Achoimre ar an measúnú ar aistí:**

| | Téis | Taighde | Argóint | Cur i láthair |
|---|---|---|---|---|
| **Céad onóracha** | smaointeoireacht nua, forbartha go maith | foinsí príomhúla, éagsúlacht foinsí, foinsí cuí | dea-eagraithe, conclúid | stíl shoiléir, gan aon bhotúin chló |
| **Dara honóracha** | forbartha go maith | foinsí tánaisteacha, éagsúlacht | eagraithe, gan aon chonclúid | gá le cúram ó thaobh stíle, comhréire |
| **Pas / Tríú honóracha** | Doiléir | gan ach foinse nó dhó | measartha eagraithe | easpa cúraim tríd síos |
| **Teip** | gan téis a bheith ann | éadomhain | mí-eagraithe | laigí substaintiúla |

## i. DUAISEANNA

(i) **Duais an Leas-Seansailéara**: bronntar duaiseanna (nach fiú níos mó ná €80 an ceann iad) ar an té is fearr aiste a scríobh agus ar an té is fearr dán a chumadh ar theidil a fhoilseofar ag tús na bliana acadúla. Ní mór na hiarrachtaí a chur chuig an Léachtóir Sinsearach roimh 1 Nollaig, 2020.

(ii) **Duais Chuimhneacháin Ferguson**: Bronntar an duais seo (ar fiú €1,270 í) ar an té is fearr aiste taighde a scríobh ar ghné de fhorbairt na Gaeilge nó ar fhoinsí litríochta na Gaeilge, nó is fearr téacs a chur in eagar. Gach tríú bliain a bhronntar an duais seo agus is i 2020 a bhronnfar í den chéad uair eile.

## Nótaí Eile Do Mhic Léinn I Roinn Na Gaeilge

**Foinsí úsáideacha: Acadúil**

- An Leabharlann – féach www.tcd.ie/library le teacht ar an gcatalóg
- www.tearma.ie – foclóir téarmaíochta ar-líne, foinse maith do théarmaí nua-aoiseacha, ach bheadh gá le Ó Dónaill / de Bhaldraithe don ghnáth-fhoclóir laethúil (www.focloir.ie agus www.teanglann.ie).
- www.edil.ie eDil – Dictionary of the Irish Language, leagan in chuardaigh ar-líne, úsáideach do lucht na Luath-Ghaeilge go háirithe.
- Gaeilge na hAlban: Féach www.smo.uhi.ac.uk agus www.bbc.co.uk/scotland/alba le teacht ar ábhar bhreise.

**Foinsí Úsáideacha: Saol an Choláiste**

**Do thiúitéir**: Is é/í do thiúitéir nó d'oide an nasc idir tú agus oifigí an Choláiste. Má bhíonn nótaí tinnis agat, fadhbanna pearsanta nó fadhbanna acadúla, cuirfidh an tiúitéir tacaíocht ar fáil duit ar bhonn rúnda.
Féach www.tcd.ie/Senior_Tutor/your_tutor le teacht ar thuilleadh eolais.

**Comhairleoireacht**: Tá comhairleoirí ar fáil sa Choláiste le cuidiú le mic léinn ar bhealaí éagsúla, nuair a bhíonn deacrachtaí pearsanta nó deacrachtaí acadúla acu.
Féach www.tcd.ie/Student_Counselling le teacht ar thuilleadh eolais.
Agus féach http://student2student.tcd.ie/ le treoir níos ginearálta a fháil ó mhic léinn eile sa choláiste. Pléann an dá dhream seo le réimse leathan ábhar; strus, aistí a scríobh (in am!), lionn dubh, nótaí a ghlacadh, srl.

**Seirbhísí do mhic léinn le míchumais**: Cuireann an oifig seo tacaíocht agus réimse seirbhísí ar fáil do mhic léinn a bhfuil míchumas de chineál ar bith acu, agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Féach an suíomh www.tcd.ie/disability/ le teacht ar eolas eile.

**An tSeirbhís Ghairmthreorach:** Tá píosa ar leith thall faoin oifig seo. Is í Orlaith Tunney an príomhdhuine a bhíonn ag plé le mic léinn i Roinn na Gaeilge.
Féach www.tcd.ie/careers/ le teacht ar aon eolas eile.

**Aontas na Mac Léinn**: Cuireann Aontas na Mac Léinn réimse seirbhísí ar fáil, idir seirbhísí leasa an mhic léinn agus cúrsaí siamsaíochta. Féach www.tcdsu.org.

**An Cumann Gaelach**: Eagraíonn an Cumann céilithe, grúpaí amhránaíochta, ranganna rince seite, bunranganna Gaeilge d'eachtrannaigh, deirí seachtaine as baile agus Féile mhór na hÉigse. Féach www.cumann.ie

**Oifig na Gaeilge**: Tá Oifig na Gaeilge ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste, i measc na foirne agus i measc na mac léinn. Cuireann an Oifig seirbhísí agus eolas ar fáil do phobal an Choláiste – scéimeanna cónaithe Gaeilge na mac léinn ina measc. www.tcd.ie/gaeloifig

**I gcás éigeandála**, tá Seirbhísí Slándála an Choláiste ar fáil ar x1999 (01 896 1999).

Tá cur síos ar an g**Córas ECT** (European Credit Transfer and Accumulation System = ECTS) i Lámhleabhar na Scoile.

Eolas faoi '**Bhradaíl Liteartha**' faoi mar atá leagtha síos i bhFéilire an Choláiste (**Calendar Statement on Plagiarism for Undergraduates - Part II, 82-91**)
https://www.tcd.ie/calendar/undergraduate-studies/general-regulations-and-information.pdf#plagiarism

Agus faoi na himpleachtaí a bhaineann le bradaíl: http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/levels-and-consequences#s-lg-box-wrapper-9089155 Féach tuilleadh eolais i Lámhleabhar na Scoile.